Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11173 – HEDIN/TORPEDO)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 249/06)

1. An 7 Iúil 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Hedin Mobility Group AB ('Hedin', an tSualainn), atá faoi rialú deiridh Anders Hedin,

— ocht gcuideachta ([2]) (dá ngairtear le chéile 'Torpedo', gach ceann acu lonnaithe sa Ghearmáin) atá ag Torpedo-Garage Ansorg, Hermann und Thomas GmbH u. Co KG agus Torpedo LT Investment GmbH (an Ghearmáin) faoi láthair.

Gheobhaidh Hedin rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Torpedo ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Hedin gníomhach i ndáileadh mórdhíola agus miondíola gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua agus athláimhe, i ndáileadh miondíola trucailí, i ndáileadh mórdhíola agus miondíola buntrealaimh ('OE') agus páirteanna spártha neamh-OE, i soláthar seirbhísí deisithe agus cothabhála, agus i soláthar seirbhísí cíosa, léasaithe agus maoinithe gluaisteán in LEE,

— Tá Torpedo gníomhach i ndáileadh miondíola gluaisteán paisinéirí nua agus athláimhe, feithiclí tráchtála éadroma, trucailí, agus páirteanna spártha OE agus neamh-OE agus cuireann sé seirbhísí deisithe agus cothabhála gluaisteán ar fáil do mhótarfheithiclí sa Ghearmáin go príomha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([3]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11173 – HEDIN/TORPEDO

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

([2]) Is éard atá sa sprioc-chuideachta ocht gcuideachta atá i seilbh Torpedo-Garage Ansorg, Hermann und Thomas GmbH u. Co KG agus Torpedo LT Investment GmbH, i.e. (i) Torpedo Garage Südwest GmbH, (ii) Torpedo Garage Saarland GmbH, (iii) TG Autohandelsgesellschaft mbH, (iv) TG Automobile GmbH, (v) Torpedo-Rent GmbH, (vi) Torpedo Logistik & Service GmbH, (vii) Torpedo Services GmbH, (viii) Torpedo eMobility GmbH.

([3]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË